CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 97/24

**Lucsamburg, 11 Meitheamh 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-221/22 P | an Coimisiún v Deutsche Telekom

# Ní mór don Choimisiún ús a íoc ar fhíneálacha a d'fhorchuir sé go míchuí in ábhair iomaíochta ar dá réir a bhailigh sé méideanna go sealadach

*Féachtar tríd an ús sin leis an ngnóthas lena mbaineann a chúiteamh ar chothromráta i leith úsáid an mhéid a cheilt*

I gcás ina neamhníonn nó ina laghdaíonn an Chúirt Ghinearálta nó an Chúirt Bhreithiúnais fíneáil arna forchur ag an gCoimisiún ar ghnóthas as sárú ar na rialacha iomaíochta, ní mór don institiúid sin ní hamháin iomlán nó cuid de mhéid na fíneála arna híoc go sealadach a aisíoc, ach ús a íoc chomh maith le haghaidh na tréimhse idir dáta íocaíochta sealadaí na fíneála sin go dáta a haisíocaíochta. Ní héard atá i gceist ná 'ús mainneachtana' ach ús trína bhféachtar leis an ngnóthas lena mbaineann a chúiteamh ar chothromráta i leith úsáid an mhéid a cheilt.

An 15 Deireadh Fómhair 2014, d'fhorchuir an Coimisiún fíneáil thart ar EUR 31 milliún ar Deutsche Telekom as mí-úsáid a bhaint as a staid cheannasach i margadh na Slóvaice do sheirbhísí teileachumarsáide ardfheidhmíochta.

Thionscain Deutsche Telekom caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh sin os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, bíodh is gur íoc sé an fhíneáil sin go sealadach an 16 Eanáir 2015.

Sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcaingean sin go páirteach agus rinne sí laghdú thart ar EUR 12 milliún ar an bhfíneáil sin [1]. Dá bhrí sin, d'aisíoc an Coimisiún an méid sin le Deutsche Telekom an 19 Feabhra 2019.

Ina dhiaidh sin, d'iarr Deutsche Telekom ar an gCoimisiún ús mainneachtana a íoc leis ar an méid sin le haghaidh na tréimhse idir dáta íocaíochta na fíneála agus dáta na haisíocaíochta, eadhon níos mó ná ceithre bliana.

Ó dhiúltaigh Coimisiún dó, thug Deutsche Telekom caingean eile os comhair na Cúirte Ginearálta, a d'ordaigh don Choimisiún méid thart ar 1.8 milliún a íoc le Deutsche Telekom [2].

Rinne an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin ón gCúirt Ghinearálta os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Lena breithiúnas an lae inniu, diúltaíonn an Chúirt Bhreithiúnais dá achomharc agus deimhníonn sí breithiúnas na Cúirte Ginearálta mar sin.

Go deimhin, de réir cásdlí seanbhunaithe, nach gá a athphlé, i gcás ina neamhníonn nó ina laghdaíonn cúirt de chuid an Aontais, le héifeacht chúlghabhálach, fíneáil arna forchur ón gCoimisiún as sárú ar na rialacha iomaíochta, nach mór don institiúid sin iomlán nó cuid de mhéid na fíneála arna híoc go sealadach a aisíoc, móide ús le haghaidh na tréimhse idir dáta íocaíochta sealadaí na fíneála sin go dáta a haisíocaíochta [3]. Tá an oibleagáid sin fós ann i gcás inar nialasach, nó diúltach fiú, na torthaí airgeadais ar infheistíocht mhéid na fíneála sin ag an gCoimisiún le linn na tréimhse sin. Ní héard atá i gceist ná 'ús mainneachtana' ach ús trína bhféachtar leis an ngnóthas lena mbaineann a chúiteamh ar chothromráta i leith úsáid an mhéid a cheilt.

Ina theannta sin, bhí sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a mheas gurb é ráta athmhaoiniúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) móide 3.5 pointe céatadáin an ráta infheidhme maidir le hús a cheanglaítear ar an gCoimisiún a íoc le Deutsche Telekom [4].

**NÓTA:** Is féidir achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar ceal. I gcás inar féidir breith a thabhairt ar an gcás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. Mura gceadóidh staid na n-imeachtaí go dtabharfar breith sa chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Nollaig 2018, Deutsche Telekom v an Coimisiún, T-827/14 (Féach ar phreaseisiúint Uimh. 196/18 chomh maith).

[2] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022, Deutsche Telekom v an Coimisiún, T-610/19 (Féach ar phreaseisiúint Uimh. 7/22 chomh maith).

[3] Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, i gcás inar bailíodh suimeanna airgid de shárú ar dhlí an Aontais (bíodh ag údarás náisiúnta nó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais), go bhfuil na suimeanna airgid sin le tabhairt ar ais agus go bhfuil ús le cur leis sin le haghaidh na tréimhse idir dáta íocaíochta na suimeanna airgid sin agus dáta a dtabhairt ar ais.

[4] De réir analaí le hAirteagal 83(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.